



BUNREACT NA ÉIREANN
CONSTITUTION OF IRELAND



Tithe an
Oireachtais
Houses of the
Oireachtas

**Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal
Labhartha na Gaeilge
Tuarascáil Bhliantúil 2023**

Aibreán 2024

Clár Ábhair

1. Ábhar agus Leagan Amach na Tuarascála	3
2. Bunú agus Feidhmeanna Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge, Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann, agus Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Sheanad Éireann	4
2.1 Bunú Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann	4
2.2 Bunú Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Sheanad Éireann	5
2.3 Bunú Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge	5
2.4 Feidhmeanna Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge	6
3. Comhaltas, Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach an Chomhchoiste.....	7
4. Cruinnithe, Tinreamh agus Taifeadadh.....	9
5. Líon agus Achar na gCruinnithe.....	10
5.1 Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann	10
5.2 Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge .	10
5.3 Cruinnithe Neamhfhoirmeálta	11
6. Finnéithe a d'fhreastail ar Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann agus ar Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge	12
7. Tuarascálacha a d'fhoilsigh Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann agus a d'fhoilsigh Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge	13
8. Toscaireachtaí.....	15
9. Príomhshruthú an Aontais Eorpaigh.....	17
9.1 Moltaí Reachtacha	17
9.2 Cruinnithe Chomhairle an Aontais Eorpaigh	17

10. Ócáidí ar leith arna reáchtáil ag Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge le linn na bliana 2022..... 18
11. Tuairisc ar Fheidhmeanna, ar Chumhachtaí agus ar na Seirbhísí atá ar fáil 19

Aguisín 1: Buan Ordú 123 – Dáil Éireann (2022)	22
Aguisín 2: Buan Ordú 105 – Seanad Éireann (2021)	24
Aguisín 3 : Comhaltas an Chomhchoiste.....	26
Aguisín 4: Cruinnithe Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann.....	27
Aguisín 5: Miontuairiscí na gCruinnithe Príobháideacha agus Imeachtaí Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann	28
Aguisín 6: Cruinnithe Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge.....	34
Aguisín 7: Cruinnithe Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge ar fhreastail Finnéithe orthu.....	44
Aguisín 8: Cruinnithe an Chomhchoiste ar fhreastail Comhaltaí orthu	46
Aguisín 9: Miontuairiscí an Chomhchoiste.....	58

1. Ábhar agus Leagan Amach na Tuarascála

Ullmhaíodh an tuarascáil seo de réir Bhuan-Ordú 123 – Dáil Éireann (2022) agus Bhuan-Ordú 105 – Seanad Éireann (2021).

Ceadaíonn na Buan-Orduithe seo don Chomhchoiste: -

Tabhairt faoi athbhreithniú a dhéanamh ar a nós imeachta agus ar a fheidhm i gcoitinne;

Miontuairiscí a chruinnithe a leagan faoi bhráid ceachtar de dhá Theach de chuid Thithe an Oireachtais;

Tuarascáil Bhliantúil a leagan faoi bhráid dhá Theach de chuid Thithe an Oireachtais.

Baineann an tuarascáil bhliantúil seo leis an achar ama idir an 30 Eanáir 2023 agus an 31 Nollaig 2023.

Ag a chruinniú ar an 10 Aibreán 2024, chomhaontaigh an Comhchoiste go gcuirfeadh sé na míreanna seo san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil na bliana 2023 don tréimhse ama thuasluaite.

2. Bunú agus Feidhmeanna Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge, Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann, agus Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Sheanad Éireann

2.1 Bunú Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann

Bunaíodh Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann faoi Bhuan-Ordú 123 – Dáil Éireann (2022) chun breithniú a dhéanamh ar ábhair bheartais a bhaineann leis an nGaeilge, an Ghaeltacht, agus Pobal Labhartha na Gaeilge, agus atá faoi chúram Ranna Rialtais agus Comhlachtaí Poiblí.

Breithníonn Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann ar cibé Billí a bhaineann leis an nGaeilge, an Ghaeltacht, agus Pobal Labhartha na Gaeilge, cibé gnéithe de na Meastacháin le haghaidh Seirbhísí Poiblí a bhaineann leis an nGaeilge, an Ghaeltacht, agus Pobal Labhartha na Gaeilge, cibé nithe gaolmhara eile a tharchuirfidh Dáil Éireann chuige, agus cibé athbhreithnithe ar Luach ar Airgead agus ar Bheartas agus Ráitis Bhliantúla Aschuir, lena n-áirítear feidhmíocht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht in úsáid airgid poiblí maidir leis an nGaeilge, an Ghaeltacht agus Pobal Labhartha na Gaeilge, a roghnóidh an Roghchoiste de Dháil Éireann.

Feidhmíonn Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann i gcomhpháirtíocht le Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Sheanad Éireann mar chuid de Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge, cé is moite de na feidhmeanna a leagtar amach i mír (3) de Bhuan-Ordú 123 – Dáil Éireann (2022), arb é Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha de Dháil Éireann a chomhlíonann iad.

2.2 Bunú Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Sheanad Éireann

Bunaíodh Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Sheanad Éireann faoi Bhuan-Ordú 105 – Seanad Éireann (2021) chun breithniú a dhéanamh ar ábhair bheartais a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht, agus le Pobal Labhartha na Gaeilge, agus atá faoi chúram Ranna Rialtais agus Comhlachtaí Poiblí.

Feidhmíonn Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Sheanad Éireann i gcomhpháirtíocht le Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann mar chuid de Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge. Ní bhíonn cruinnithe dá chuid féin ag Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Sheanad Éireann.

2.3 Bunú Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge

Faoi Bhuan-Ordú 123 – Dáil Éireann (2022) agus Buan-Ordú 105 – Seanad Éireann (2021), comhcheanglaítear Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann agus Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Sheanad Éireann le chéile chun Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge a chomhdhéanamh, agus chun na feidhmeanna a leagtar amach sna Buan-Orduithe sin a chomhlíonadh, cé is moite de na feidhmeanna a leagtar amach i mír (3) de Bhuan-Ordú 123 – Dáil Éireann (2022), arb é Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha de Dháil Éireann a chomhlíonann iad.

2.4 Feidhmeanna Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge

I measc fheidhmeanna Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge, déanann sé breithniú ar: -

Gnóthaí poiblí atá á riar agus a bhaineann le Ranna Stáit agus Comhlachtaí Poiblí, agus gnóthaí poiblí atá á riar agus a bhaineann le comhlachtaí príobháideacha, nuair atá obair phoiblí idir lámha acu ar son agus faoi chonradh na Ranna Stáit agus na Comhlachtaí Poiblí, chomh fada agus a bhaineann an obair phoiblí sin leis an nGaeilge, an Ghaeltacht agus Pobal Labhartha na Gaeilge.

Gnóthaí beartais atá faoi chúram an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, chomh fada agus a bhaineann siad leis an nGaeilge, an Ghaeltacht agus Pobal Labhartha na Gaeilge;

Moltaí reachtacha na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, chomh fada agus a bhaineann siad leis an nGaeilge, an Ghaeltacht agus Pobal Labhartha na Gaeilge;

Moltaí reachtacha an Aontais Eorpaigh, chomh fada agus a bhaineann siad leis an nGaeilge, an Ghaeltacht agus Pobal Labhartha na Gaeilge;

Leagtar amach Buan-Ordú 123 – Dáil Éireann (2022) in Aguisín 1 agus leagtar amach Buan-Ordú 105 – Seanad Éireann (2021) in Aguisín 2.

3. Comhaltas, Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach an Chomhchoiste

De réir Bhuan-Ordú 123 – Dáil Éireann (2022), ainmníodh na Teachtaí Dála seo a leanas chun fónamh mar Chomhaltaí de chuid Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann (An Tríú Tuarascáil den Choiste Roghnóireachta, dar dáta an 24 Meán Fómhair 2020): -

An Teachta Dála Seosamh Mac Aodha; an Teachta Dála Dara Mac Giolla Laoire; an Teachta Dála Cairtriona Ní Chonghaile; an Teachta Dála Marc Ó Cathasaigh; an Teachta Dála Pa Ó Dálaigh; an Teachta Dála Fergus Ó Dubhda; an Teachta Dála Dónall Ó hÉallaigh; an Teachta Dála Aindrias Ó Muimhneacháin; agus an Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh.

De réir Bhuan-Ordú 105 – Seanad Éireann (2021), ainmníodh na Seanadóirí seo a leanas chun fónamh mar Chomhaltaí de chuid Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Sheanad Éireann (Ordú an tSeanaid dar dáta an 7 Deireadh Fómhair 2020): -

An Seanadóir Lorraine Clifford-Lee; an Seanadóir Seán Kyne; an Seanadóir Rónán Mullen; an Seanadóir Niall Ó Donnghaile; agus an Seanadóir Barry Ward.

De réir Bhuan-Ordú 104(2) (Dáil Éireann), cionroinntear cion de na poist mar Chathaoirligh na gCoistí éagsúla, idir gach gasra, tríd an gCóras D'Hondt. De réir Ordú na Dála, dar dáta an 24 Meán Fómhar 2020, ceapadh an Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh mar Chathaoirleach ar Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann. De réir Bhuan-Ordú 123 (4) – Dáil Éireann agus Buan-Ordaithe 105(3) – Seanad Éireann, feidhmíonn Cathaoirleach Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann mar Chathaoirleach ar Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge freisin.

De réir Bhuan-Ordú 34 (Dáil Éireann), is féidir leis an gCoiste Gnó, agus é ag gníomhú mar Choiste Roghnóireachta, Comhaltaí a ainmniú chun fónamh ar Roghchoistí, ar Choistí Speisialta nó ar Bhuan-Choistí. Beidh sé de chumhacht aige Comhaltaí de na

Coistí sin a urscaoileadh ó am go ham agus daoine eile a cheapadh chun fónamh in ionad na gComhaltaí sin arna n-urscaoileadh sa chás go gceaptar Comhalta mar Aire Stáit nó mar chomhalta de chuid an Rialtais.

Chuige sin, toisc go raibh an tUachtarán, Michael D. Higgins Uasal, tar éis an Teachta Dála Dara Mac Giolla Laoire a cheapadh mar Aire Stáit sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar an 31 Lúnasa 2022, scaoil Coiste Gnó Thithe an Oireachtais é, ag cruinniú an Choiste sin ar an 6 Deireadh Fómhair 2022, óna mballraíocht ar Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann. Ag an gcruinniú céanna, cheap an Coiste Gnó an Teachta Dála Pádraig O'Sullivan mar Chomhalta ar Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann.

Ag a chruinniú ar an 5 Deireadh Fómhair 2022, mhol an Teachta Aindrias Ó Muimhneacháin go gceapfaí an Seanadóir Lorraine Clifford-Lee mar Leas-Chathaoirleach ar Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge. Thacaigh an Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh leis an moladh agus chomhaontaigh an Comhchoiste leis an moladh sin. Ceapadh an Seanadóir Lorraine Clifford-Lee mar Leas-Chathaoirleach an Chomhchoiste dá réir.

Thuirisc Coiste Roghnóireachta Thithe an Oireachtais ar an 20 Aibreán 2023 gur urscaoileadh an Teachta Dála Pa Daly, ó Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann, agus d'ainmnigh an Coiste Roghnóireachta an Teachta Ruairí Ó Murchú ina ionad mar Chomhalta de chuid Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann. Rinne Dáil Éireann a bhreithniú ar thuirisc an Choiste Roghnóireachta agus d'fhaomh sí na hathruithe seo ar an 26 Aibreán 2023.

4. Cruinnithe, Tinreamh agus Taifeadadh

Tionóladh cruinnithe de chuid Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann agus cruinnithe de chuid Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge sna seomraí Coiste i dTithe an Oireachtais le linn achar na tuarascála seo. Reáchtáladh na cruinnithe i Seisiún Poiblí, ach amháin nuair a d'ordaigh an Roghchoiste nó an Comhchoiste a mhalairt.

Craoladh na himeachtaí beo taobh istigh de Thithe an Oireachtais agus cuireadh ar fáil iad ar Raidió Teilifís Éireann, TG4 agus Virgin Media Ireland. Chomh maith leis sin, bhí na himeachtaí ar fáil ar fud na cruinne tríd an gcráoladh gréasáin.

Ó Meán Fómhair 2014 ar aghaidh, craoltar imeachtaí Sheisiúin Phoiblí na gCoistí ar theilifís an Oireachtais, an bealach teilifíse parlaiminte tiomanta. De ghnáth, déantar taifeadadh ar na Seisiúin Poiblí roimh ré, ach corruair, craoltar beo iad.

Tá an tseirbhís seo ar fáil ar na bealaí teilifíse seo a leanas: -

Saorview 22, Sky 517, Virgin Media 207, eir Vision 504;

Bealaí Teilifíse Vodafone 217, 207 and 208.

Is féidir breathnú ar Thuarascáil Oifigiúil (Díospóireachtaí Parlaiminteacha) chruinnithe poiblí Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann agus Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge ar shuíomh gréasáin Thithe an Oireachtais [anseo](#). Is féidir tras-scríbhinní na gcruinnithe céanna a léamh [anseo](#).

Chomh maith leis sin, tá na tuarascálacha eile a fhoilsíonn Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann agus Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge ar fáil ar shuíomh gréasáin an Chomhchoiste agus an Roghchoiste féin [anseo](#). Déantar cur síos ar na tuarascála céanna i mír 7 thíos.

5. Líon agus Achar na gCruinnithe

5.1 Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann

Bhuail Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge le chéile ar thrí ócáid le linn achar na tuarascála seo. Mhair achar na gcruinnithe seo ar feadh 1 uair, 40 nóiméad agus 49 soicind, in iomlán.

Tugtar eolas ar ábhar chruinnithe an Roghchoiste, chomh maith le hainmneacha na bhfinnéithe a d'fhreastail ar na cruinnithe, agus na comhlachtaí agus na heagraíochtaí a ndearna ionadaíocht ar a son, in Aguisín 4.

Cé nach mbíonn sé de nós ag an Roghchoiste cruinniú a reáchtáil go fíorúil ar líne, bhí cruinniú amháin ag an Roghchoiste ar an 14 Márta 2023 chun dréacht-tuarascáil de chuid an Roghchoiste a chomhaontú i dtaca le Meastacháin Athbhreithnithe do Sheirbhísí Poiblí 2023. Rinneadh amhlaidh de réir Bhuan-Ordú 215A (2). Seachas sin, níor reachtáladh aon chruinnithe eile de chuid an Roghchoiste ar líne toisc nach socrú é seo a bheadh oiriúnach d'imeachtaí an Roghchoiste, go hiondúil, go háirithe nuair a bhíonn vótaí i gceist.

Leagtar amach Imeachtaí an Roghchoiste i Seisiún Poiblí, agus Miontuairiscí an Roghchoiste i Seisiún Príobháideach in Aguisín 5.

5.2 Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge

Bhuail Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge le chéile ar 31 ócáid le linn achar na tuarascála seo. Mhair achar na gcruinnithe seo ar feadh 44 n-uaire, 43 nóiméid agus 14 soicind in iomlán.

Leagtar amach eolas ar ábhar chruinnithe an Chomhchoiste, chomh maith le hainmneacha na bhfinnéithe a d'fhreastail ar na cruinnithe, agus na comhlachtaí agus na heagraíochtaí a ndearna siad ionadaíocht ar a son, in Aguisín 6.

Reachtáladh roinnt cruinnithe ar líne chun éascaíocht a dhéanamh do Chomhaltaí agus d'fhinnéithe araon freastal ar chruinnithe de chuid an Chomhchoiste.

Tugtar eolas ar ábhar na gcruinnithe, chomh maith le hainmneacha na bhfinnéithe a d'fhreastail ar na cruinnithe, agus na comhlachtaí agus na heagraíochtaí a ndearna ionadaíocht ar a son, in Aguisín 6 agus Aguisín 7.

Leagtar amach miontuairiscí Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge i Seisiún Poiblí, in Aguisín 9.

5.3 Cruinnithe Neamhfhoirmeálta

Cuid thábhachtach d'obair Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann agus d'obair Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge ná bualadh le toscairí parlaiminteacha ó thíortha agus ó dhlínsí eile. Tá sé níos éasca na cruinnithe seo a eagrú mar chruinnithe neamhfhoirmiúla, agus is minic a eagraítear iad mar seo. Ligeann an leagan amach seo do na Comhaltaí agus do Chomhaltaí na dtoscairí féin ceisteanna a phlé lena chéile, agus grinnscrúdú a dhéanamh orthu i dtimpeallacht neamhfhoirmiúil.

Ar an 26 Aibreán 2023, bhuaile Comhaltaí de chuid Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge le toscaireacht ó Sheanad na Breataine Bige i dTeach Laighean chun plé a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge i dTithe an Oireachtais ar mhaithe le seirbhís dhátteangach a chur ar fáil i gcomhthéacs parlaiminteach.

Níor bhuaile Cathaoirleach ná Comhaltaí Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann go neamhfhoirmiúil le toscairí ar bith ar aon ócáid le linn achar na tuarascála seo.

6. Finnéithe a d'fhreastail ar Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann agus ar Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge

Tháinig líon na ndaoine seo os comhair os comhair Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge le linn achar na tuarascála seo: -

Roghchoiste na Dála	Líon na bhFinnéithe
Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann	0

Tháinig líon na ndaoine seo os comhair Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge le linn achar na tuarascála seo: -

Comhchoiste na Dála	Líon na bhFinnéithe
Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge	75

7. Tuarascálacha a d'fhoilsigh Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann agus a d'fhoilsigh Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge

D'fhoilsigh Roghchoiste na Gaeilge na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann na tuarascálacha seo a leanas le linn achar na tuarascála seo: -


Dáta Leagtha na Tuarascála	Ábhar na Tuarascála
14/03/2023	Breithniú ar Imleabhar Meastachán Athbhreithnithe 2023 (ATHBH)

D'fhoilsigh Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge na tuarascálacha seo a leanas le linn achar na tuarascála seo: -

Dáta Leagtha na Tuarascála	Ábhar na Tuarascála
22/02/2023	An Comhaontas Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála agus an tionchar a bheadh aige ar an nGaeilge, ar an nGaeltacht agus ar Phobal Labhartha na Gaeilge
31/03/2023	Tuarascáil Bhliantúil Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge (2022)
27/06/2023	Tuarascáil ar an Toscaireacht chuig Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge, an 24 agus 25 Feabhra 2023
03/07/2023	Earnáil na Gaeilge i gCathair Bhéal Feirste – Eiseamláir ar Leith
11/07/2023	Grinnscrúdú Réamhrechtach ar Scéim Ghinearálta agus Cheannteidil an Bhille um Údarás na Gaeltachta (Leasú) 2022
18/10/2023	An tSeirbhís Phoiblí Eircode agus Acht na dTeangacha Oifigiúla 2023 agus 2023: an dualgas reachtúil atá ar na comhlachtaí poiblí An Post agus An Post Geodirectory, agus ar an gcomhlacht príobháideach Capita Business Support Services (ag trádáil dó

	mar 'Eircode') géilleadh leis an reachtaíocht chuí agus iad ag cur seirbhísí poiblí ar fáil don phobal thar ceann an Stáiteangacha Oifigiúla 2023 agus 2023: an dualgas reachtúil atá ar na comhlachtaí poiblí An Post agus An Post Geodirectory, agus ar an gcomhlacht príobháideach Capita Business Support Services (ag trádáil dó mar 'Eircode') géilleadh leis an reachtaíocht chuí agus iad ag cur seirbhísí poiblí ar fáil don phobal thar ceann an Stáit
25/10/2023	Toscaireacht an Chomhchoiste go Gaeltacht Dhún na nGall ar an 27 agus an 28 Aibreán 2023
25/10/2023	Toscaireacht an Chomhchoiste go Gaeltacht Uíbh Ráthaigh ar an 29 agus an 30 Meitheamh 2023
03/11/2023	Earnáil Scríbhneoireachta, Foilsitheoireachta agus Léitheoireachta na Gaeilge
14/12/2023	Clár Oibre Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge don bhliain 2024

Cineálacha Tuarascálacha an Chomhchoiste



8. Toscaireachtaí

De réir Bhuan-Ordú 96 (15) – Dáil Éireann (2022), tá an chumhacht ag Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann agus ag Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge tabhairt faoi thaisteal.

De réir Bhuan-Ordú 72 (15) – Seanad Éireann (2021), tá an chumhacht ag Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Sheanad Éireann agus Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge tabhairt faoi thaisteal. Cé nach bhfeidhmíonn an Roghchoiste seo ach i gcomhpháirtíocht le Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann, mar chuid de Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge amháin, ní féidir leis an Roghchoiste seo úsáid a bhaint as an gcumhacht sin, ach amháin mar chuid de Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge.

De réir Bhuan-Ordú 96 (15) – Dáil Éireann (2022) agus Bhuan-Ordú 72 (15) de Sheanad Éireann, tá an chumhacht ag Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge tabhairt faoi thaisteal. Is féidir leis an gComhchoiste úsáid a bhaint as an gcumhacht seo chun toscaireachtaí a sheoladh go háiteanna éagsúla, chun grinnscrúdú a dhéanamh i dtaobh a Chlár Oibre.

I gcaitheamh na bliana 2023, sheol Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge toscaireachtaí chuig na háiteanna agus na himeachtaí seo a leanas: -

Uimhir	Dáta	Teideal	Áit
1.	24 agus 25 Feabhra 2023	Toscaireacht chuig Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge 2023	An tAonach, Co. Thiobraid Árann
2.	27 agus 28 Aibreán 2023	Toscaireacht go Gaeltacht Dhún na nGall	Co. Dhún na nGall
3.	29 agus 30 Meitheamh 2023	Toscaireacht go Gaeltacht Uíbh Ráthaigh	Co. Chiarraí
4.	3 Iúil 2023	Seoladh na tuarascála 'Earnáil na Gaeilge i gCathair Bhéal Feirste – Eiseamláir ar Leith'	Cultúrlann McAdam Ó Fiaich i mBéal Feirste, Co. Aontroma
5.	3 Samhain 2023	Seoladh na tuarascála 'Earnáil Scríbhneoireachta, Foilsitheoireachta agus Léitheoireachta na Gaeilge' mar chuid d'Oireachtas na Samhna 2023 i gCill Árne.	Cill Árne, Co. Chiarraí
6.	23 agus 24 Samhain 2023	Toscaireacht go Gaeltacht Acla	Co. Mhaigh Eo

9. Príomhshruthú an Aontais Eorpaigh

9.1 Moltaí Reachtacha

Ní dhearna Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann, ná Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge, aon bhreithniú ar chúrsaí an Aontais Eorpaigh le linn achar na tuarascála seo.

9.2 Cruinnithe Chomhairle an Aontais Eorpaigh

Níor éist Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann, ná Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge, le haon chruinniú faisnéise ó aon Aire an Rialtais roimh aon chruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh le linn achar na tuarascála seo.

10. Ócáidí ar leith arna reáchtáil ag Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge le linn na bliana 2022

D'eagraigh an Comhchoiste ócáid ar leith i bProinnseomra an Cheann Comhairle ar an 1 Márta 2023. Ar chuireadh ón gComhchoiste, thug an Dochtúir Conchubhar Ó Cruailaoich, léacht ar an ábhar 'Logainmneacha na hÉireann: Tobar Feasa na hOidhreachta'. Rinne an tAonad Craolacháin i Seirbhís Thithe an Oireachtais taifead ar an ócáid agus tá an taifead sin ar fáil ar shuíomh gréasáin an Chomhchoiste, ar an leathanach [An Ghaeilge san Oireachtas – Tithe an Oireachtais](#), agus ar Oireachtas TV ó thráth go chéile.

D'eagraigh an Comhchoiste ócáid ina raibh painéal saineolaithe i mbun plé ar an ábhar 'An Pholaitíocht agus na Meáin i nDomhan Luaineach – an Dearcadh Éireannach' a bhí ar siúl sa Seomra Léitheoireachta i Leabharlann Thithe an Oireachtais ar an 5 Iúil 2023. Eagraíodh an ócáid seo i gcomhar leis an Aonad Craolacháin i dTithe an Oireachtas. Ar chuireadh ón gComhchoiste agus le linn do Sheán Ó Cuirreáin Uasal a bheith i mbun éascaitheoireachta ar an ócáid, bhí na daoine seo a leanas ann mar aoichainteoirí ar an oíche: John Downing Uasal – Tuairisceoir Polaitíochta agus Colúnaí leis an Irish Independent; Gráinne Ní Aodha Uasal – Tuairisceoir Nuachta le PA Media i mBaile Átha Cliath; Dualta Ó Broin Uasal – Ceann Beartas Poiblí Meta in Éirinn; agus Rónán Ó Domhnaill – Coimisinéir Forbartha na Meán i gCoimisiún na Meán. Rinne an tAonad Craolacháin i Seirbhís Thithe an Oireachtais taifead ar an ócáid agus tá an taifead sin ar fáil ar shuíomh gréasáin Oireachtas TV [anseo](#).

11. Tuairisc ar Fheidhmeanna, ar Chumhachtaí agus ar na Seirbhísí atá ar fáil

Is é Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge ceann de na Coistí is gníomhaí sa 33ú Dáil agus sa 26ú Seanad agus tá an dul chun cinn déanta aige agus é ag díriú aird na gComhlachtaí Poiblí uile agus aird na gcomhlachtaí príobháideacha, nuair atá obair phoiblí idir lámha acu ar son agus faoi chonradh ag na Ranna Stáit agus na Comhlachtaí Poiblí, ar an dualgas atá orthu, agus gnóthaí poiblí á riar acu, na gnóthaí poiblí sin a chur ar fáil go dátheangach in áit a bheith i mBéarla amháin.

Tá an Comhchoiste ag déanamh a dhíchill le bheith ina áis fhiúntach agus ionadaíoch do phobal na Gaeltachta agus do phobal labhartha na Gaeilge. Tá an t-idirghníomhú idir an Comhchoiste agus an pobal sin (is pobal amháin iad) ag fás agus ag méadú lá i ndiaidh lae. Suas go dtí an 31 Nollaig 2023, tá níos mó ná 1,200 mír chomhfhreagrais faighte ag an gComhchoiste ó fhoinsí éagsúla agus tá 1,401 mír chomhfhreagrais eisithe aige chuig daoine nó eagraíochtaí éagsúla. Is mór an méid é sin ach níos tábhachtaí ná sin, tá bród ar an gComhchoiste as líon na n-ábhar éagsúil atá pléite aige, agus as líon na ndúshlán a bhfuil sé ag iarraidh dul i ngleic leo agus a réiteach. Suas go dtí 31 Nollaig 2023, leag an Comhchoiste 19 dtuarascáil os comhair na Dála agus an tSeanad agus tá 285 moladh déanta aige in iomlán sna tuarascálacha sin. Tá súil ag an gComhchoiste go bhfuil na hAíre Rialtais ag éisteacht linn ach nílimid cinnte gurb amhlaidh an scéal.

In ainneoin go bhfuil Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge agus Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann sásta i láthair na huaire lena n-imeachtaí reatha agus lena gcúraimí, níl siad sásta ar chor ar bith le leibhéal na seirbhísí Gaeilge a fhaigheann siad ó Sheirbhís Thithe an Oireachtais chun go mbeadh siad in ann a ndualgais pharlaiminteacha a chomhlíonadh go húimléideach trí Ghaeilge, arb í an teanga ina bhfeidhmíonn siad go huile is go hiomlán. Tá an fhadhb agus an t-easnamh seo luaite againn iomaí uair roimhe seo, ach ina n-ionad sin, táimid fós ag fanacht leis na seirbhísí bunriachtanacha seo a leanas a bheith ar fáil dúinn trí mheán na Gaeilge agus go dátheangach, ní i mBéarla amháin: -

Seirbhísí Leabharlainne agus Taighde;

Seirbhísí Comhairle Dlí;

Seirbhísí Craoltóireachta;

Seirbhísí Caidrimh Phoiblí.

Tá na seirbhísí sin de dhíth go géar, agus tá an Comhchoiste agus an Roghchoiste ag iarraidh ar an gCeann Comhairle go gcinnteoidh sé, ar bhonn práinne, go bhfostófar, roimh dheireadh na bliana 2024:-

Duine dátheangach amháin ar a laghad ag an ngrád cuí, a mbeadh de dhualgas air nó uirthi Seirbhísí Leabharlainne agus Taighde dátheangacha a chur ar fáil do Chomhaltaí Thithe an Oireachtais;

Duine dátheangach amháin ar a laghad ag an ngrád cuí, a mbeadh de dhualgas air nó uirthi seirbhísí Comhairle Dlí dátheangacha a chur ar fáil do Chomhaltaí Thithe an Oireachtais;

Duine dátheangach amháin ar a laghad ag an ngrád cuí, a mbeadh de dhualgas air nó uirthi Seirbhísí Craoltóireachta dátheangacha a chur ar fáil do Chomhaltaí an Oireachtais;

Duine dátheangach amháin ar a laghad ag an ngrád cuí, a mbeadh de dhualgas air nó uirthi Seirbhísí Caidrimh Phoiblí dátheangacha a chur ar fáil do Chomhaltaí Thithe an Oireachtais;

Tá an Comhchoiste agus an Roghchoiste den tuairim go bhfuil sé de cheart acu teacht a bheith acu ar na seirbhísí sin ina dteanga oibre, ionas go mbeadh a gcuid oibre ar comhchéim leis na seirbhísí eile atá ar fáil do Chomhchoistí agus do Roghchoistí eile a bhíonn i mbun a gcuid oibre i mBéarla. Ní mar sin atá cúrsaí faoi láthair agus, mar sin, tá an Comhchoiste agus an Roghchoiste go mór faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le Comhchoistí agus Roghchoistí eile.

Níl a leithéid inghlactha, go háirithe i gcomhthéacs Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 a bhfuil sé mar sprioc aige, i measc rudaí eile, go mbeidh sé de chumas ag 20% d'earcaigh na hearnála poiblí a gcuid oibre a chur i gcrích, go huile is go hiomlán, go dátheangach.

Is ábhar díomá agus iontais don Chomhchoiste agus don Roghchoiste é an laghad oifigeach sinsearach sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne ar féidir leo dul i bun oibre agus idirghabhála leo i nGaeilge. Lasmuigh d'earnáil na Gaeilge agus de na rannóga sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a bhfuil an cúram i leith na Gaeilge acu, is fíorannamh a bhíonn a leithéid ar fáil ar chor ar bith.

Tá na Ranna Stáit agus na Comhlachtaí Poiblí uile ag maíomh go poiblí aon uair a bhfuil seirbhísí dátheangacha ag teastáil uathu, go bhfuil siad lánsásta iad a chur ar fáil. I dtraithí leanúnach an Chomhchoiste agus an Roghchoiste ó bunaíodh iad in 2016, áfach, ní mar sin atá cúrsaí i gcás níos mó ná 90% díobh.

Beagnach gach uile uair a thugann an Comhchoiste nó an Roghchoiste cuireadh do na Ranna Stáit agus do na Comhlachtaí Poiblí teacht os a gcomhair agus ábhar áirithe a phlé leo trí mheán na Gaeilge, teanga oibre na gCoistí sin, agus nach bhfuil ar a gcumas sin a dhéanamh, teipeann orthu an tiomantas sin a chomhlíonadh. Níl sé sin sásúil ná de réir na ndualgas nach foláir dóibh a chomhlíonadh faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla, 2003 go 2021.



An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh
Cathaoirleach
10 Aibreán 2024

Aguisín 1: Buan Ordú 123 – Dáil Éireann (2022)

123. Coiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge.

- (1) Beidh arna bhunú, i ndiaidh ationól na Dála tar éis Olltoghcháin, Buan-Choiste, a chomhcheanglófar le Coiste dá shamhail de chuid an tSeanaid chun Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge a chomhdhéanamh, chun na feidhmeanna a leagtar amach sa Bhuan-Ordú seo a chomhlíonadh, seachas na feidhmeanna a leagtar amach i mír (3) arb é Buan-Choiste na Dála a chomhlíonfaidh iad.
- (2) Breithneoidh an Comhchoiste ábhair bheartais a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht, agus le Pobal Labhartha na Gaeilge agus atá go ginearálta faoi chúram Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí gaolmhara agus breithneoidh sé, go háirithe—
 - (a) straitéis i ndáil leis an nGaeilge, lena n-áirítear an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010-2030 agus aon straitéis a bheidh ann sa todhchaí, agus cur chun cinn na Gaeilge i gcoitinne,
 - (b) litríocht, ceol agus cultúr na Gaeilge agus nithe gaolmhara,
 - (c) méadú ar úsáid na Gaeilge in imeachtaí dhá Theach an Oireachtais agus ina gCoistí agus timpeall an dá Theach a chur chun cinn,
 - (d) an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud na stáitseirbhíse agus na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear dul chun cinn maidir le cur i ngníomh Scéimeanna Gaeilge i gcomhlachtaí poiblí,
 - (e) tuarascálacha ón gCoimisinéir Teanga agus nithe gaolmhara,
 - (f) nithe a bhaineann leis an bhForas Teanga, i ndáil le Foras na Gaeilge agus le Gníomhaireacht na hUltaise araon,
 - (g) teagasc na Gaeilge agus oideachas trí mheán na Gaeilge,
 - (h) freagrachtaí reachtúla Raidió Teilifís Éireann agus Údarás Craolacháin na hÉireann i ndáil leis an nGaeilge,
 - (i) nithe a bhaineann le craoltóirí Gaeilge, lena n-áirítear TG4, Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life agus Raidió Rí-Rá, agus
 - (j) aon nithe eile a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge.
- (3) Breithneoidh Buan-Choiste na Dála—
 - (a) cibé Billí a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht, agus le Pobal Labhartha na Gaeilge,
 - (b) cibé gnéithe de na Meastacháin i gcomhair Seirbhísí Poiblí a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht, agus le Pobal Labhartha na Gaeilge, agus

- (c) cibé nithe gaolmhara eile, a tharchuirfidh an Dáil chuige, agus
 - (d) cibé Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead agus ar Bheartas agus ráitis bhliantúla aschuir, lena n-áirítear feidhmíocht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht in úsáid airgid phoiblí maidir leis an nGaeilge, maidir leis an nGaeltacht agus maidir le Pobal Labhartha na Gaeilge, a roghnóidh an Coiste.
- (4) Seachtar Comhaltaí de Dháil Éireann a bheidh ar Bhuan-Choiste na Dála, ar córam triúr díobh. Ceathrar is córam don Chomhchoiste, ar Comhalta de Dháil Éireann duine amháin acu ar a laghad agus ar Comhalta de Sheanad Éireann duine amháin acu ar a laghad. Beidh Cathaoirleach Bhuan-Choiste na Dála ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach ar an gComhchoiste freisin.
- (5) Beidh ag Buan-Choiste na Dála na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 96(1), (2) agus (4).
- (6) Beidh ag an gComhchoiste, maidir lena chúram, na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 96, seachas míreanna (3) agus (10) den Bhuan-Ordú sin.
- (7) Beidh de chumhacht ag an gComhchoiste faoi Bhuan-Ordú 95 breithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas—
- (a) scéim ghinearálta nó dréacht-cheannteidil aon Bhille a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge, agus
 - (b) aon tuarascáil iar-achtacháin a leagfaidh comhalta den Rialtas nó Aire Stáit faoi bhráid ceachtar Teach nó an dá Theach maidir le haon Bhille, arna achtú ag Tithe an Oireachtais, a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge.
- (8) Beidh feidhm ag forálacha Bhuan-Orduithe 98, 100 agus 106 maidir le Buan-Choiste na Dála agus maidir leis an gComhchoiste, de réir mar is cuí.
- (9) Míneofar an Comhchoiste mar an “Comhchoiste Oireachtais” chun críocha an Achta Craolacháin, 2009, a mhéid a bhaineann sé le TG4.

Aguisín 2: Buan Ordú 105 – Seanad Éireann (2021)

105. Coiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge

1. Beidh arna bhunú, i ndiaidh ationól an tSeanaid tar éis Olltoghcháin, Buanchoiste, a chomhcheanglófar le Coiste dá shamhail de chuid na Dála chun Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge a chomhdhéanamh, chun na feidhmeanna a leagtar amach sa Bhuan-Ordú seo a chomhlíonadh.
2. Breithneoidh an Comhchoiste ábhair bheartais a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge agus atá go ginearálta faoi chúram Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí gaolmhara agus breithneoidh sé, go háirithe—
 - (a) straitéis i ndáil leis an nGaeilge, lena n-áirítear an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010-2030 agus aon straitéis a bheidh ann sa todhcháin, agus cur chun cinn na Gaeilge i gcoitinne,
 - (b) litríocht, ceol agus cultúr na Gaeilge agus nithe gaolmhara,
 - (c) úsáid is leithne na Gaeilge in imeachtaí dhá Theach an Oireachtais agus ina gCoistí agus timpeall an dá Theach a chur chun cinn,
 - (d) an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear dul chun cinn maidir le cur i ngníomh Scéimeanna Gaeilge i gcomhlachtaí poiblí,
 - (e) tuarascálacha ón gCoimisinéir Teanga agus nithe gaolmhara,
 - (f) nithe a bhaineann leis an bhForas Teanga, i ndáil le Foras na Gaeilge agus le Gníomhaireacht na hUltaise araon,
 - (g) teagasc na Gaeilge agus oideachas trí mheán na Gaeilge,
 - (h) freagrachtaí reachtúla Raidió Teilifís Éireann agus Údarás Craolacháin na hÉireann i ndáil leis an nGaeilge,
 - (i) nithe a bhaineann le craoltóirí Gaeilge, lena n-áirítear TG4, Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life agus Raidió Rí-Rá, agus
 - (j) aon nithe eile a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge.
3. 5 Chomhalta de Sheanad Éireann a bheidh ar Bhuanchoiste an tSeanaid. Ceathrar is córam don Chomhchoiste, ar Chomhalta de Dháil Éireann duine amháin acu ar a laghad agus ar Chomhalta de Sheanad Éireann duine amháin acu ar a laghad. Beidh Cathaoirleach Bhuanchoiste na Dála ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach ar an gComhchoiste freisin.
4. Beidh ag Buanchoiste an tSeanaid na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 72(1) agus (2).

5. Beidh ag an gComhchoiste, maidir lena chúram, na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 72, seachas mír (6).
6. Féadfaidh an Comhchoiste breithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas—
 - a. scéim ghinearálta nó dréacht-cheannteidil aon Bhille a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge de bhun Bhuan-Ordú 143;
 - b. aon tuarascáil iar-Achtacháin a leagfaidh comhalta den Rialtas nó Aire Stáit faoi bhráid ceachtar Teach nó an dá Theach maidir le haon Bhille, arna achtú ag Tithe an Oireachtais de bhun Bhuan-Ordú 168, a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge; agus
 - c. ar choinníoll go mbeidh an coiste earnála iomchuí tar éis toiliú leis sin.
7. Beidh feidhm ag forálacha Bhuan-Orduithe 74, 77 agus 82 maidir le Buanchoiste an tSeanaid agus leis an gComhchoiste, de réir mar is cuí.
8. Míneofar an Comhchoiste mar an 'Comhchoiste Oireachtais' chun críocha an Achta Craolacháin, 2009, a mhéid a bhaineann sé le TG4.

Aguisín 3: Comhaltas an Chomhchoiste

Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge



Caitriona Ní
Chonghaile TD
Neamhspleách



Dónall Ó hÉallaigh TD
Neamhspleách



Seosamh Mac
Aodha TD
Fine Gael



Marc Ó Cathasaigh TD
An Comhaontas Glas



Fergus Ó Dubhda TD
Fine Gael



Ruairí Ó Murchú TD
Sinn Féin



Aindrias Ó
Muimhneacháin TD
Fianna Fáil



Aengus Ó Snodaigh TD
(Cathaoirleach)
Sinn Féin



Pádraig Ó
Súilleabháin TD
Fianna Fáil



An Seanadóir Lorraine
Clifford-Lee (Leas-
Chathaoirleach)
Fianna Fáil



An Seanadóir Seán
Kyne
Fine Gael



An Seanadóir Rónán
Mullen
Neamhspleách



An Seanadóir Niall Ó
Donnghaile



An Seanadóir Barry
Ward
Fine Gael

Aguisín 4: Cruinnithe Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann

Eagraíodh agus tharla na cruinnithe beartaithe seo a leanas le linn achar na tuarascála seo: -

Cruinniú	Dáta	Ábhar
S18	01/03/2023	Meastacháin Athbhreithnithe do Sheirbhísí Poiblí 2023 ar Chlár C 'An Ghaeltacht' de Vóta 33 na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meáin
S19	14/03/2023	Seisiún Príobháideach
S20	23/11/2023	Meastacháin Fhorlíontacha do Sheirbhísí Poiblí 2023 ar Chlár C 'An Ghaeltacht' de Vóta 33 na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meáin

Aguisín 5: Miontuairiscí na gCruinnithe Príobháideacha agus Imeachtaí Roghchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de Dháil Éireann

IMEACHTAÍ AN ROGHCHOISTE

PROCEEDINGS OF THE SELECT COMMITTEE

Dé Céadaoin, 1 Márta, 2023

Wednesday, 1 March, 2023

1. Chruinnigh an Coiste ar 4:05 i.n.

1. The Committee met at 4:05 p.m.

2. COMHALTAÍ I LÁTHAIR¹.

2. MEMBERS PRESENT².

Bhí na comhaltaí seo a leanas i láthair:

The following Members were present:

An Teachta Aengus Ó Snodaigh (*i gCeannas*), An Teachta Pádraig Ó Donnabháin (*An tAire Stáit don Ghaeltacht*), na Teachtaí Pa Ó Dálaigh agus Aindrias Ó Muimhneacháin.

Deputy Aengus Ó Snodaigh (*in the Chair*), Deputy Patrick O'Donovan (*Minister of State for the Gaeltacht*), Deputies Pa Daly, and Aindrias Moynihan.

3. BREITHNIÚ AR MHEASTACHÁIN I GCOMHAIR SEIRBHÍSÍ POIBLÍ.

3. CONSIDERATION OF ESTIMATES FOR PUBLIC SERVICES.

Bhreithnigh an Coiste na Meastacháin seo a leanas i gcomhair Seirbhísí Poiblí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig, 2023 –

The Committee considered the following Estimates for Public Services for the year ending 31st December, 2023 –

Vóta 33 (Clár C - Gaeltacht)
(Meastacháin Athbhreithnithe).

Vote 33 (Programme C - Gaeltacht)
(Revised Estimates).

Críochnaíodh an breithniú ar an Meastachán/Cuireadh an breithniú ar an Meastachán ar athló.

Consideration of the Estimate was concluded/adjourned.

¹ Ghlac an Teachta Pádraig Ó Donnabháin (*Aire Stáit don Ghaeltacht*) ionad an Aire Catherine Martin, An tAire Turasoireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán [B.O. 106(1)].

² Deputy Patrick O'Donovan (*Minister of State for the Gaeltacht and Sport*) substituted for Minister Catherine Martin, Minister for Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media [S.O. 106(1)].

Cuireadh teachtaireacht chun na Dála de réir Bhuan-Ordú 101 á chur in iúl di gur chríochnaigh an Coiste a bhreithniú ar an Meastachán.

4. ATHLÁ.

Chuaigh an Coiste ar athló ar 4:37 i.n. *sine die*.

Message sent to the Dáil in accordance with Standing Order 101 acquainting it that the Committee had completed its consideration of the Estimate.

4. ADJOURNMENT.

The Committee adjourned at 4:37 p.m. *sine die*.

Miontuairiscí an Chruinnithe ar an 14 Márta 2023

SEISIÚN PRÍOBHÁIDEACH

Tús an Chruinnithe

Tionóladh cruinniú an Chomhchoiste ag 15:06:43 nuair a thug an Comhchoiste dá aire go raibh córam ann (triúr Teachtaí Dála i láthair).

Reáchtáladh agus lean an cruinniú ar aghaidh go fíorúil ar *MS Teams* taobh amuigh de phurláin Thithe an Oireachtais.

Comhaltaí i Láthair agus Leithscéalta a fuarthas roimh ré

Bhí na Comhaltaí seo a leanas i láthair: -

An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh (Cathaoirleach); agus an Teachta Dála Pa Ó Dálaigh.

Bhí na Comhaltaí seo a leanas i láthair, nach Comhaltaí de chuid an Chomhchoiste iad: -

An Teachta Dála Éamon Ó Cuív.

1. Dréacht-Tuarascáil ar Bhreithniú an Roghchoiste i dtaca leis na Meastacháin Athbhreithnithe do Sheirbhísí Poiblí 2023 ar Chlár C 'An Ghaeltacht' de Vóta 33 na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Chomhaontaigh an Roghchoiste an 'Tuarascáil ar Bhreithniú an Roghchoiste ar na Meastacháin Athbhreithnithe do Sheirbhísí Poiblí 2023 ar Chlár C 'An Ghaeltacht' de Vóta 33 na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán" a leagan faoi bhráid na Dála.

2. Aon Ghnó Eile

Níor comhaontaíodh aon rud faoi 'Aon Ghnó Eile'.

Dáta an Chéad Chruinnithe Eile agus Deireadh an Chruinnithe seo

Chomhaontaigh an Comhchoiste an cruinniú a chur ar athló sine die ag 15:11:41.



An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh
Cathaoirleach
14 Márta 2023

IMEACHTAÍ AN ROGHCHOISTE

PROCEEDINGS OF THE SELECT COMMITTEE

Déardaoin, 23 Samhain, 2023

Thursday, 23 November, 2023

1. Chruinnigh an Coiste ar 9:37 r.n.

1. The Committee met at 9:37 a.m.

2. COMHALTAÍ I LÁTHAIR.

2. MEMBERS PRESENT.

Bhí na comhaltaí seo a leanas i láthair:

The following Members were present:

An Teachta Aengus Ó Snodaigh (*i gCeannas*), An Teachta Caitríona Ní Mhairtín (*An tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán*), An Teachta Pádraig Ó Donnabháin (*An tAire Stáit don Ghaeltacht*), na Teachtaí Seosamh Mac Aodha, Fergus Ó Dubhda, Aindrias Ó Muimhneacháin; agus Éamon Ó Cuív.

2. Neodracht na hÉireann – Fírinne nó Cur i gCéill?

Rinne an Comhchoiste a bhreithniú ar an ábhar ‘Neodracht na hÉireann – Fírinne nó Cur i gCéill?’.

Rinne na finnétithe seo a leanas ráiteas tosaigh os comhair an Chomhchoiste: -

Aoibhinn Ní Cheallaigh Uasal;
Eoghan Ó Cianáin Uasal;
Rónán Ó hIcí Uasal;
Oisín Mac Craith Uasal.

Phléigh na finnétithe seo a leanas na saincheisteanna iomchuí le Comhaltaí an Chomhchoiste: -

Aoibhinn Ní Cheallaigh Uasal;
Eoghan Ó Cianáin Uasal;
Rónán Ó hIcí Uasal;
Oisín Mac Craith Uasal.

Phléigh na Comhaltaí seo a leanas na saincheisteanna iomchuí leis na finnéithe: -

An Teachta Dála Caitriona Ní Chonghaile;

An Teachta Dála Éamon Ó Cuív;

An Teachta Dála Aindrias Ó Muimhneacháin;

An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh (An Cathaoirleach).

3. Athrú Aeráide – an bhfuilimid ró-leithleach chun é a chur i gcrích?

Rinne an Comhchoiste a bhreithniú ar an ábhar ‘Athrú Aeráide – an bhfuilimid ró-leithleach chun é a chur i gcrích?’.

Rinne na finnéithe seo a leanas ráiteas tosaigh os comhair an Chomhchoiste: -

Síofradh Breathnach-Peelo Uasal;

Andrea Ní Fhearghail Uasal;

Niamh Ní Mhuirí Uasal;

Isabella Ní Rodáin Uasal;

Mark Ó hÓráin Uasal.

Phléigh na finnéithe seo a leanas na saincheisteanna iomchuí le Comhaltaí an Chomhchoiste: -

Síofradh Breathnach-Peelo Uasal;

Andrea Ní Fhearghail Uasal;

Niamh Ní Mhuirí Uasal;

Isabella Ní Rodáin Uasal;

Mark Ó hÓráin Uasal.

Phléigh na Comhaltaí seo a leanas na saincheisteanna iomchuí leis na finnéithe: -

An Teachta Dála Caitriona Ní Chonghaile;

An Teachta Dála Éamon Ó Cuív;

An Teachta Dála Ó Muimhneacháin;

An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh (An Cathaoirleach).

4. Aon Ghnó Eile

Níor chomhaontaigh an Comhchoiste aon ní faoin mír ‘Aon Ghnó Eile’.

Dáta an Chéad Chruinnithe Eile agus Deireadh an Chruinnithe seo

Chomhaontaigh an Comhchoiste go mbeadh a chéad chruinniú poiblí eile ag 13:30 ar an gCéadaoin, an 22 Márta 2023, nuair a phléifí an t-ábhar ‘Riachtanais Bailithe agus

Cóireála Fuíolluisce atá ag Sráidbhailte agus Lonnaíochtaí sa Ghaeltacht nach bhfuil rochtain acu ar Sheirbhísí Fuíolluisce Poiblí le gairid' le hionadaithe thar ceann na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus thar ceann na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Chomhaontaigh an Comhchoiste an cruinniú a chur ar athló ag 16:23:37 go dtí an 22 Márta 2023.



An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh
Cathaoirleach
30 Márta 2023

Miontuairiscí an Chruinnithe ar an 22 Márta 2023

SEISIÚN POIBLÍ

Tús an Chruinnithe

Tionóladh cruinniú an Chomhchoiste ag 13:34:14 i Seomra Coiste 4, nuair a thug an Comhchoiste dá aire go raibh córam i láthair (ceathrar Comhaltaí: Teachta Dála agus Seanadóir san áireamh).

Comhaltaí i láthair agus Leithscéalta a fuarthas roimh ré

Bhí na Comhaltaí seo a leanas i láthair: -

An Teachta Dála Seosamh Mac Aodha, an Teachta Dála Caitriona Ní Chonghaile, an Teachta Dála Pa Ó Dálaigh, an Teachta Dála Aindrias Ó Muimhneacháin, an Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh agus an Teachta Dála Pádraig O Sullivan;

An Seanadóir Niall Ó Donnghaile agus an Seanadóir Barry Ward.

Bhí na Comhaltaí seo a leanas i láthair, nach Comhaltaí de chuid an Chomhchoiste iad: -

An Teachta Dála Éamon Ó Cuív.

Ghabh na Comhaltaí seo a leanas leithscéal roimh ré as gan a bheith i láthair: -

Níor ghabh aon Chomhaltaí leithscéal roimh ré as gan a bheith i láthair.

1. Riachtanais Bhailithe agus Cóireála Fuíolluisce atá ag Sráidbhailte agus Lonnaíochtaí sa Ghaeltacht nach bhfuil rochtain acu ar Sheirbhísí Fuíolluisce Poiblí le gairid

Rinne an Comhchoiste a bhreithniú ar an ábhar 'Riachtanais Bailithe agus Cóireála Fuíolluisce atá ag Sráidbhailte agus Lonnaíochtaí sa Ghaeltacht nach bhfuil rochtain acu ar Sheirbhísí Fuíolluisce Poiblí le gairid'.

Chuir an Comhchoiste fáilte roimh: -

An Rúnaí Cúnta i Rannán an Uisce – Fintan Towey Uasal, an Príomhoifigeach – Douglas Kelly Uasal agus an Príomhoifigeach Cúnta – Belinda Ní Threasaigh Uasal in Aonad an Uisce, agus an Príomhoifigeach Cúnta – Luke Varley Uasal, mar ionadaithe thar ceann na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht

Thug an Comhchoiste dá aire go raibh an bheirt fhinnéithe ag freastal ar an gcruinniú ó Sheomra Coiste 4, laistigh de phurláin Thithe an Oireachtais.

Rinne na finnéithe seo a leanas ráiteas tosaigh os comhair an Chomhchoiste: -

Fintan Towey Uasal.

Phléigh na finnétithe seo a leanas na saincheisteanna iomchuí le Comhaltaí an Chomhchoiste: -

Fintan Towey Uasal;

Luke Varley Uasal.

Phléigh na Comhaltaí seo a leanas na saincheisteanna iomchuí leis na finnétithe: -

An Teachta Dála Seosamh Mac Aodha;

An Teachta Dála Cairtriona Ní Chonghaile;

An Teachta Dála Éamon Ó Cuív;

An Teachta Dála Pa Ó Dálaigh;

An Teachta Dála Aindrias Ó Muimhneacháin;

An Teachta Dála Aindrias Ó Snodaigh (An Cathaoirleach).

Chomhaontaigh an Comhchoiste agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht go soláthródh an Roinn na sonraí seo a leanas don Chomhchoiste:-

1. Cé mhéad iarratas a fuarthas ó na húdaráis áitiúla, faoin scéim de chuid do Roinne i leith forbairt cóireála fuíolluisce i gcomhair lonnáiachtaí agus sráidbhailte beaga nach bhfuil seirbhísí séarachais ar fáil dóibh (dáta deiridh Meán Fómhair 2022) a bhain le ceantair Ghaeltachta?
2. Cé mhéad maoiniú a chionroinntear ar na húdaráis áitiúla, a bhfuil ceantar Gaeltachta laistigh dá ndlínsí, faoin gClár Uisce Tuaithe, bliain ar bhliain?
3. Cé mhéad teach agus eastát tithíochta i gceantair Ghaeltachta a cuireadh san áireamh sa staidéar a rinne do Roinn in 2017 – 2018, maidir le heastáit tithíochta ina raibh fadhbanna maidir leis na heastáit a bheith tógtha faoina gcúram acu ag na húdaráis áitiúla?
4. Cé mhéad cionroinnt, maoiniú i bprionsabal, a tugadh i leith ceantair Ghaeltachta, idir na bliana 2020 agus 2022?
5. Céard iad na córais bhailiúcháin fuíolluisce atá ag feidhmiú i gceantair Ghaeltachta i láthair na huaire (liosta díobh)?
6. Cóip d'athbhreithniú do Roinne a rinneadh in 2021, i ndiaidh an chuiridh ón Aire, iarratais a chur isteach i leith bailte agus sráidbhailte a bhí gan córas séarachais.
7. Cé mhéad maoiniú a soláthraíodh i gcomhair scéimeanna uisce tuaithe i gceantair Ghaeltachta.

2. Aon Ghnó Eile

Níor chomhaontaigh an Comhchoiste aon ní faoin mír 'Aon Ghnó Eile'.

Dáta an Chéad Chruinnithe Eile agus Deireadh an Chruinnithe seo

Chomhaontaigh an Comhchoiste go mbeadh a chéad chruinniú poiblí eile ag 13:30 ar an gCéadaoin, 15 Márta 2023, nuair a phléifí na hábhair 'Ag Múnlú ár dTodhchaí Dhátheangaigh' agus 'Cumas agus Toilteanas Fhondúireacht Eolaíocht Éireann seirbhís poiblí dhátheangach iomlán a chur ar fáil go réamhghníomhach dá chustaiméirí' le hionadaithe thar ceann Fhondúireacht Eolaíocht Éireann.

Chomhaontaigh an Comhchoiste go mbeadh cruinniú príobháideach de chuid an Chomhchoiste ar siúl ag 14:00 ar an 30 Márta 2023.

Chomhaontaigh an Comhchoiste an cruinniú a chur ar athló ag 14:54:23 go dtí an 29 Márta 2023.



An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh
Cathaoirleach
19 Aibreán 2023

Miontuairiscí an Chruinnithe ar an 29 Márta 2023

SEISIÚN POIBLÍ

Tús an Chruinnithe

Tionóladh cruinniú an Chomhchoiste ag 13:30:34 i Seomra Coiste 4, nuair a thug an Comhchoiste dá aire go raibh córam i láthair (ceathrar Comhaltaí: Teachta Dála agus Seanadóir san áireamh).

Comhaltaí i láthair agus Leithscéalta a fuarthas roimh ré

Bhí na Comhaltaí seo a leanas i láthair: -

An Teachta Dála Seosamh Mac Aodha, an Teachta Dála Caitriona Ní Chonghaile, an Teachta Dála Pa Ó Dálaigh, an Teachta Dála Fergus Ó Dubhda, an Teachta Dála Aindrias Ó Muimhneacháin, an Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh agus an Teachta Dála Pádraig O Sullivan;

An Seanadóir Seán Kyne, an Seanadóir Rónán Mullen agus an Seanadóir Barry Ward.

Bhí na Comhaltaí seo a leanas i láthair, nach Comhaltaí de chuid an Chomhchoiste iad: -

Ní raibh aon Chomhaltaí, nach Comhaltaí den Chomhchoiste iad i láthair.

Ghabh na Comhaltaí seo a leanas leithscéal roimh ré as gan a bheith i láthair: -

Níor ghabh aon Chomhaltaí leithscéal roimh ré as gan a bheith i láthair.

1. Ag Múnlú ár dTodhchaí Dhátheangaigh, agus Cumas agus Toilteanas Fhondúireacht Eolaíochta Éireann seirbhís phoiblí dhátheangach iomlán a chur ar fáil go réamhghníomhach dá chustaiméirí

Rinne an Comhchoiste a bhreithniú ar na hábhair 'Ag Múnlú ár dTodhchaí Dhátheangaigh' agus 'Cumas agus Toilteanas Fhondúireacht Eolaíochta Éireann seirbhís phoiblí dhátheangach iomlán a chur ar fáil go réamhghníomhach dá chustaiméirí'.

Chuir an Comhchoiste fáilte roimh: -

An Leas-Ard Stiúrthóir – an Dochtúir Ciarán Seoighe, an Stiúrthóir ar an Aonad Sealbhú, an Lárionad Taighde um Fhoghlaim agus Teagasc na Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath – an tOllamh Pádraig Ó Duibhir, agus an Comhalta Taighde in ADAPT, an tIonad Taighde – an Dochtúir Teresa Lynn.

Thug an Comhchoiste dá aire go raibh na finnétithe ag freastal ar an gcruinniú ó Sheomra Coiste 4, laistigh de phurláin Thithe an Oireachtais.

Rinne na finnétithe seo a leanas ráiteas tosaigh os comhair an Chomhchoiste: -

An Dochtúir Ciarán Seoighe;
An tOllamh Pádraig Ó Duibhir; agus
An Dochtúir Teresa Lynn.

Phléigh na finnétithe seo a leanas na saincheisteanna iomchuí le Comhaltaí an Chomhchoiste: -

An Dochtúir Ciarán Seoighe;
An tOllamh Pádraig Ó Duibhir; agus
An Dochtúir Teresa Lynn.

Phléigh na Comhaltaí seo a leanas na saincheisteanna iomchuí leis na finnétithe: -

An Teachta Dála Seosamh Mac Aodha;
An Teachta Dála Caitriona Ní Chonghaile;
An Teachta Dála Aindrias Ó Muimhneacháin;
An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh (An Cathaoirleach)
An Seanadóir Rónán Mullen.

2. Aon Ghnó Eile

Níor chomhaontaigh an Comhchoiste aon ní faoin mír 'Aon Ghnó Eile'.

Dáta an Chéad Chruinnithe Eile agus Deireadh an Chruinnithe seo

Chomhaontaigh an Comhchoiste go mbeadh cruinniú príobháideach de chuid an Chomhchoiste ar siúl ag 14:00 ar an 30 Márta 2023.

Chomhaontaigh an Comhchoiste go mbeadh a chéad chruinniú poiblí eile ag 13:30 ar an gCéadaoin, an 15 Márta 2023, nuair a phléifí an t-ábhar 'Na seirbhísí uisce agus séarachais a chuireann Uisce Éireann ar fáil i gceantair Ghaeltachta', le hionadaithe thar ceann Uisce Éireann.

Chomhaontaigh an Comhchoiste an cruinniú a chur ar athló ag 14:10:04 go dtí an 30 Márta 2023.



An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh
Cathaoirleach
19 Aibreán 2023

Miontuairiscí an Chruinnithe ar an 30 Márta 2023

SEISIÚN PRÍOBHÁIDEACH

Tús an Chruinnithe

Tionóladh cruinniú an Chomhchoiste ag 14:02:17, nuair a thug an Comhchoiste dá aire go raibh córam i láthair (ceathrar Comhaltaí: Teachta Dála agus Seanadóir san áireamh).

Reáchtáladh agus lean an cruinniú ar aghaidh ar líne ó thaobh amuigh de phurláin Thithe an Oireachtais.

Comhaltaí i láthair agus Leithscéalta a fuarthas roimh ré

Bhí na Comhaltaí seo a leanas i láthair: -

An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh (Cathaoirleach), an Teachta Dála Marc Ó Cathasaigh agus an Teachta Dála Aindrias Ó Muimhneacháin;

An Seanadóir Barry Ward.

Bhí na Comhaltaí seo a leanas i láthair, nach Comhaltaí de chuid an Chomhchoiste iad: -

Ní raibh aon Chomhaltaí nach Comhaltaí den Chomhchoiste iad i láthair.

Ghabh na Comhaltaí seo a leanas leithscéal roimh ré as gan a bheith i láthair: -

An Teachta Dála Cairtriona Ní Chonghaile.

1. Miontuairiscí na gcruinnithe ar an 15 agus 16 Feabhra; agus ar an 1 agus 8 Márta 2023

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

2. Comhfhreagras Faighte ag an gComhchoiste

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

3. Coiste Comhshaoil agus Sóisialta Thionól Parlaiminteach na Breataine agus na hÉireann, agus an t-ábhar Stádas na Gaeilge in Éirinn agus i ndlínsí éagsula sa Ríocht Aontaithe

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

4. Tuarascáil Bhliantúil 2022 den Chomhchoiste

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

5. Dréacht-Tuarascáil ar thoscaireacht an Chomhchoiste chuig Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge 2023

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

6. Dréacht-Tuarascáil ar an toscaireacht ón gComhchoiste chuig Béal Feirste

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

7. Toscaireacht ón gComhchoiste chuig Ghaeltacht Dhún na nGall

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

8. Plé ar an tuarascáil ar an gComhaontas Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála agus an tionchar a bheadh aige ar an nGaeilge, ar an nGaeltacht agus ar Phobal Labhartha na Gaeilge i nDáil Éireann

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

9. Grinnscrúdú Réamhrechtach ar Cheannteidil an Bhille um Údarás na Gaeltachta (Leasú) 2022

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

10. Clár Oibre

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

11. Aon Ghnó Eile

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

Dáta an Chéad Chruinnithe Eile agus Deireadh an Chruinnithe seo

Chomhaontaigh an Comhchoiste go mbeadh cruinniú príobháideach aige ar an 19 Aibreán 2023.

Chomhaontaigh an Comhchoiste go mbeadh a chéad chruinniú poiblí eile ag 13:30 ar an 20 Aibreán 2023, nuair a phléifí na hábhair 'Leithdháileadh airgid na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht' agus 'Buiséad TG4' leis an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán – an Teachta Dála Catherine Martin.

Chomhaontaigh an Comhchoiste an cruinniú a chur ar athló ag 14:51:07.



An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh
Cathaoirleach
19 Aibreán 2023

Miontuairiscí an Chruinnithe ar an 19 Aibreán 2023

SEISIÚN PRÍOBHÁIDEACH

Tús an Chruinnithe

Tionóladh cruinniú an Chomhchoiste ag 14:00 agus thug an Comhchoiste dá aire go raibh córam ann (ceathrar Comhaltaí i láthair: Teachta Dála agus Seanadóir san áireamh).

Reáchtáladh agus lean an cruinniú ar aghaidh ó chian ar *MS Teams* lasmuigh de phurláin Thithe an Oireachtais.

Comhaltaí i láthair agus Leithscéalta a fuarthas roimh ré

Bhí na Comhaltaí seo a leanas i láthair: -

An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh (Cathaoirleach agus an Teachta Dála Pádraig O'Sullivan;

An Seanadóir Barry Ward.

Bhí na Comhaltaí seo a leanas i láthair, nach Comhaltaí de chuid an Chomhchoiste iad: -

An Teachta Dála Éamon Ó Cuív.

Ghabh na Comhaltaí seo a leanas leithscéal roimh ré as gan a bheith i láthair: -

An Teachta Dála Seosamh Mac Aodha.

1. Miontuairiscí na gCruinnithe ar an 22, 29 agus 30 Márta 2023

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

2. Comhfhreagras Faighte ag an gComhchoiste

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

3. Dréacht-Tuarascáil ar an toscaireacht ón gComhchoiste chuig Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge 2023

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

4. Dréacht-Tuarascáil ar thoscaireacht an Chomhchoiste go Béal Feirste

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

5. Toscaireacht de chuid an Chomhchoiste go Gaeltacht Dhún na nGall

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

6. Grinnscrúdú Réamhrechtach ar Cheannteidil an Bhille um Údarás na Gaeltachta (Leasú) 2022

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

7. Aon Ghnó Eile

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

Dáta an Chéad Chruinnithe Eile agus Deireadh an Chruinnithe seo

Chomhaontaigh an Comhchoiste go mbeadh a chéad chruinniú poiblí eile ag 13:30 ar an 20 Aibreán 2023, nuair a phléifí na hábhair 'Leithdháileadh airgid na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht' agus 'Buiséad TG4' leis an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán – an Teachta Dála Catherine Martin.

Chomhaontaigh an Comhchoiste an cruinniú a chur ar athló ag 14:28:09.



An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh
Cathaoirleach
18 Bealtaine 2023

Miontuairiscí an Chruinnithe ar an 20 Aibreán 2023

SEISIÚN POIBLÍ

Tús an Chruinnithe

Tionóladh cruinniú an Chomhchoiste ag 13:36:54 i Seomra Coiste 2, nuair a thug an Comhchoiste dá aire go raibh córam i láthair (ceathrar Comhaltaí: Teachta Dála agus Seanadóir san áireamh).

Comhaltaí i láthair agus Leithscéalta a fuarthas roimh ré

Bhí na Comhaltaí seo a leanas i láthair: -

An Teachta Dála Cairtriona Ní Chonghaile, an Teachta Dála Pa Ó Dálaigh, an Teachta Dála Aindrias Ó Muimhneacháin agus an Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh;

An Seanadóir Lorraine Clifford-Lee, an Seanadóir Niall Ó Donnghaile agus an Seanadóir Barry Ward.

Bhí na Comhaltaí seo a leanas i láthair, nach Comhaltaí de chuid an Chomhchoiste iad: -

An Teachta Dála Éamon Ó Cuív.

Ghabh na Comhaltaí seo a leanas leithscéal roimh ré as gan a bheith i láthair: -

Níor ghabh aon Chomhaltaí leithscéal roimh ré as gan a bheith i láthair.

1. Leithdháileadh airgid na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar an nGaeilge agus ar an nGaeltachta, agus Buiséad TG4.

Rinne an Comhchoiste a bhreithniú ar na hábhair ‘Leithdháileadh airgid na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar an nGaeilge’ agus ar an nGaeltachta’, agus ‘Buiséad ‘TG4’.

Chuir an Comhchoiste fáilte roimh an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán – an Teachta Dála Catherine Martin, agus na hoifigigh óna Roinne: -

Ard-Rúnaí na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Katherine Licken Uasal;

Stiúrthóir Gaeilge na Roinne, Aodhán Mac Cormaic Uasal;

An Príomhoifigeach i Rannóg na Gaeltachta, Eoin Ó Droighneáin Uasal;

An Rúnaí Cúnta san Aonad Craoltóireachta agus Meán, Triona Quill Uasal.

Thug an Comhchoiste dá aire go raibh an tAire agus na hoifigigh na Roinne ag freastal ar an gcuinniú ó Sheomra Coiste 4, laistigh de phurláin Thithe an Oireachtais.

Rinne an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán – an Teachta Dála Catherine Martin, ráiteas tosaigh os comhair an Chomhchoiste agus phléigh sí na saincheisteanna iomchuí le Comhaltaí an Chomhchoiste: -

Phléigh na Comhaltaí seo a leanas na saincheisteanna iomchuí leis an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán – an Teachta Dála Catherine Martin: -

An Teachta Dála Cairtriona Ní Chonghaile;

An Teachta Dála Éamon Ó Cuív;

An Teachta Dála Aindrias Ó Muimhneacháin;

An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh (An Cathaoirleach).

Chomhaontaigh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán – an Teachta Dála Catherine Martin agus an Comhchoiste go soláthródh an tAire an fhaisnéis seo a leanas don Chomhchoiste: -

- De thoradh na heaspa lóistín i gcomhair daltaí a bhíonn ag iarraidh freastal ar na Coláistí Samhraidh, an bhfuil nó an mbeidh an Roinn ag soláthar maoiniú breise d'Údarás na Gaeltachta, ionas go mbeidh sé de chumas aige maoiniú a chur ar fáil i gcomhair ionaid phobail sna ceantair Ghaeltachta. Más amhlaidh go bhfuil nó go mbeidh an maoiniú sin ar fáil don Údarás, cé mhéad maoiniú atá nó a bheidh i ceist, agus cad iad na coinníollacha a bhaineann nó a bhainfidh leis?
- Cén t-ardú a tháinig ar allúntas a thug a Roinn don Ghaeilge agus don Ghaeltacht sa blianta 2021, 2022 agus 2023 idir airgead agus chéatadáin. Cén chaoi ar tháinig an tAire ar an gcinneadh maidir leis an méid a thabharfadh sí don earnáil seo i gcomparáid leis an méid a chinn sí a thabhairt do na hearnálacha cultúir, ealaíon, spóirt agus meán sna blianta sin?
- Maidir le clár ar Raidió Teilifís Éireann agus ar TG4, an bhfuil aon sainmhíniú leagtha síos ag an Aire, ag Údarás Craolacháin na hÉireann, ag RTÉ nó ag TG4 faoi cathain is féidir clár ar leith a rangú mar chlár Gaeilge? Cad é an céatadán is ísle den chomhrá agus den tuairisciú ar gá a bheith ann mar chuid den chlár sin, sular rangáitear é mar chlár Gaeilge, nó an bhfuil a leithéid de rangú ann ar chor ar bith? Ar leor, faoi na rialacha atá ann, nó in uireasa aon rialacha ábhartha a bheith i bhfeidhm, cúpla focal as Gaeilge a bheith mar chuid den chlár, chun é a rangú mar chlár Gaeilge?

2. Aon Ghnó Eile

Níor chomhaontaigh an Comhchoiste aon ní faoin mír 'Aon Ghnó Eile'.

Dáta an Chéad Chruinnithe Eile agus Deireadh an Chruinnithe seo

Chomhaontaigh an Comhchoiste go mbeadh a chéad chruinniú poiblí eile ar siúl ag 13:30 ar an 26 Aibreán 2023, nuair a phléifí an t-ábhar 'Grinnscrúdú Réamhrechtach ar Cheannteidil an Bhille um Údarás na Gaeltachta (Leasú) 2022', le hionadaithe thar ceann na heagraíochta 'Women for Election'.

Chomhaontaigh an Comhchoiste an cruinniú a chur ar athló ag 15:14:34 go dtí an 26 Aibreán 2023.



An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh
Cathaoirleach
18 Bealtaine 2023

Miontuairiscí an Chruinnithe ar an 3 Bealtaine 2023

SEISIÚN POIBLÍ

Tús an Chruinnithe

Tionóladh cruinniú an Chomhchoiste ag 13:35:11 i Seomra Coiste 4, nuair a thug an Comhchoiste dá aire go raibh córam i láthair (ceathrar Comhaltaí: Teachta Dála agus Seanadóir san áireamh).

Comhaltaí i láthair agus Leithscéalta a fuarthas roimh ré

Bhí na Comhaltaí seo a leanas i láthair: -

An Teachta Dála Caitríona Ní Chonghaile, an Teachta Dála Marc Ó Cathasaigh an Teachta Dála Fergus Ó Dubhda, an Teachta Dála Aindrias Ó Muimhneacháin, an Teachta Dála Ruairí Ó Murchú, an Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh agus an Teachta Dála Pádraig O Sullivan;

An Seanadóir Lorraine Clifford-Lee, an Seanadóir Seán Kyne, agus an Seanadóir Barry Ward.

Bhí na Comhaltaí seo a leanas i láthair, nach Comhaltaí de chuid an Chomhchoiste iad: -

An Teachta Dála Éamon Ó Cuív.

Ghabh na Comhaltaí seo a leanas leithscéal roimh ré as gan a bheith i láthair: -

An Seanadóir Rónán Mullen.

1. Grinnscrúdú Réamhrechtach ar Cheannteidil an Bhille um Údarás na Gaeltachta (Leasú) 2022

Rinne an Comhchoiste a bhreithniú ar an ábhar ‘Grinnscrúdú Réamhrechtach ar Cheannteidil an Bhille um Údarás na Gaeltachta (Leasú) 2022’.

Chuir an Comhchoiste fáilte roimh: -

Ollamh Taighde na Gàidhlig agus Stiúrthóir Institiúid na nEolaíochtaí Teanga in Ollscoil na Gaeltachta agus na nOileán, Alba – an Dochtúir Conchúr Ó Giollagáin;

An tOllamh Gearóid Ó Tuathaigh;

An Gníomhaire Pobail agus Taighdeoir – Donncha Ó hÉallaithe Uasal;

An tArd-Rúnaí – Julian de Spáinn Uasal, agus an Bainisteoir Abhcóideachta – Róisín Ní Chinnéide Uasal, mar ionadaithe thar ceann Chonradh na Gaeilge.

Thug an Comhchoiste dá aire go raibh na finnétithe ag freastal ar an gcruinniú ó Sheomra Coiste 4, laistigh de phurláin Thithe an Oireachtais.

Rinne na finnétithe seo a leanas ráiteas tosaigh os comhair an Chomhchoiste: -

An Dochtúir Conchúr Ó Giollagáin;
An tOllamh Gearóid Ó Tuathaigh;
Donncha Ó hÉallaithe Uasal;
Róisín Ní Chinnéide Uasal.

Phléigh na finnétithe seo a leanas na saincheisteanna iomchuí le Comhaltaí an Chomhchoiste: -

An Dochtúir Conchúr Ó Giollagáin;
An tOllamh Gearóid Ó Tuathaigh;
Donncha Ó hÉallaithe Uasal;
Julian de Spáinn Uasal;
Róisín Ní Chinnéide Uasal.

Phléigh na Comhaltaí seo a leanas na saincheisteanna iomchuí leis na finnétithe: -

An Teachta Dála Cairtriona Ní Chonghaile;
An Teachta Dála Éamon Ó Cuív;
An Teachta Dála Aindrias Ó Muimhneacháin;
An Teachta Dála Ruairí Ó Murchú;
An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh (An Cathaoirleach);
An Seanadóir Seán Kyne.

2. Aon Ghnó Eile

Níor chomhaontaigh an Comhchoiste aon ní faoin mír 'Aon Ghnó Eile'.

Dáta an Chéad Chruinnithe Eile agus Deireadh an Chruinnithe seo

Chomhaontaigh an Comhchoiste go mbeadh a chéad chruinniú poiblí eile ag 13:30 ar an 10 Bealtaine 2023, nuair a phléifí an t-ábhar 'Grinnscrúdú Réamhrechtach ar Cheannteidil an Bhille um Údarás na Gaeltachta (Leasú) 2022', le hionadaithe thar ceann Thuismitheoirí na Gaeltachta, Chomhlachas na gComharchumann agus na Comhlachtaí Phobalbhunaithe, Chomhdháil Oileáin na hÉireann, agus Chomharchumann Forbartha Ionad Deirbhle.

Chomhaontaigh an Comhchoiste an cruinniú a chur ar athló ag 16:34:23 go dtí an 10 Bealtaine 2023.



An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh
Cathaoirleach
18 Bealtaine 2023

Miontuairiscí an Chruinnithe ar an 10 Bealtaine 2023

SEISIÚN POIBLÍ

Tús an Chruinnithe

Tionóladh cruinniú an Chomhchoiste ag 13:38:52 i Seomra Coiste 4, nuair a thug an Comhchoiste dá aire go raibh córam i láthair (ceathrar Comhaltaí: Teachta Dála agus Seanadóir san áireamh).

Comhaltaí i láthair agus Leithscéalta a fuarthas roimh ré

Bhí na Comhaltaí seo a leanas i láthair: -

An Teachta Dála Seosamh Mac Aodha, an Teachta Dála Caitriona Ní Chonghaile, an Teachta Dála Marc Ó Cathasaigh an Teachta Dála Aindrias Ó Muimhneacháin, an Teachta Dála Ruairí Ó Murchú, an Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh, agus an Teachta Dála Pádraig O Sullivan;

An Seanadóir Lorraine Clifford-Lee, an Seanadóir Seán Kyne, an Seanadóir Niall Ó Donnghaile, agus an Seanadóir Barry Ward.

Bhí na Comhaltaí seo a leanas i láthair, nach Comhaltaí de chuid an Chomhchoiste iad: -

An Teachta Dála Éamon Ó Cuív.

Ghabh na Comhaltaí seo a leanas leithscéal roimh ré as gan a bheith i láthair: -

Níor ghabh aon Chomhalta leithscéal roimh ré as gan a bheith i láthair.

1. Grinnscrúdú Réamhrechtach ar Cheannteidil an Bhille um Údarás na Gaeltachta (Leasú) 2022

Rinne an Comhchoiste a bhreithniú ar an ábhar ‘Grinnscrúdú Réamhrechtach ar Cheannteidil an Bhille um Údarás na Gaeltachta (Leasú) 2022’.

Chuir an Comhchoiste fáilte roimh: -

Ceannasaí Thuismitheoirí na Gaeltachta – Sorcha Ní Chéilleachair Uasal.

Thug an Comhchoiste dá aire go raibh an fhinné ag freastal ar an gcruinniú ó Sheomra Coiste 4, laistigh de phurláin Thithe an Oireachtais.

Rinne na finnétithe seo a leanas ráiteas tosaigh os comhair an Chomhchoiste: -

Ceannasaí Thuismitheoirí na Gaeltachta – Sorcha Ní Chéilleachair Uasal.

Phléigh na finnétithe seo a leanas na saincheisteanna iomchuí le Comhaltaí an Chomhchoiste: -

Ceannasaí Thuismitheoirí na Gaeltachta – Sorcha Ní Chéilleachair Uasal.

Phléigh na Comhaltaí seo a leanas na saincheisteanna iomchuí leis na finnétithe: -

An Teachta Dála Cairtriona Ní Chonghaile;
An Teachta Dála Éamon Ó Cuív;
An Teachta Dála Aindrias Ó Muimhneacháin;
An Teachta Dála Ruairí Ó Murchú;
An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh (An Cathaoirleach);
An Seanadóir Lorraine Clifford-Lee;
An Seanadóir Seán Kyne.

2. Aon Ghnó Eile

Níor chomhaontaigh an Comhchoiste aon ní faoin mír 'Aon Ghnó Eile'.

Dáta an Chéad Chruinnithe Eile

Chomhaontaigh an Comhchoiste go mbeadh a chéad chruinniú poiblí eile ag 13.30 ar an gCéadaoin, 17 Bealtaine 2023, nuair a phléifí an t-ábhar 'Grinnscrúdú Réamhrechtach ar Cheannteidil an Bhille um Údarás na Gaeltachta (Leasú) 2022'. Chomhaontaigh an Comhchoiste go mbeadh dhá Sheisiún den chruinniú sin. Sa chéad seisiún, bheadh iar-Chathaoirleach ar Bhord Údarás na Gaeltachta, Anna Ní Ghallachair Uasal agus an Comhairleoir Forbartha – Micheál Ó hÉanaigh Uasal, os comhair an Chomhchoiste. Sa dara seisiún, a thosódh ag 16:00, thiocfadh ionadaithe os comhair an Chomhchoiste thar ceann Chomhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh, Fhorbairt na Dromoda Teo, agus Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne Teo.

Chomhaontaigh an Comhchoiste go mbeadh cruinniú príobháideach de chuid an Chomhchoiste ag 14:00 ar an 18 Bealtaine 2023.

Chomhaontaigh an Comhchoiste leanúint ar aghaidh i Seisiún Príobháideach ag 15:20:32.

SEISIÚN PRÍOBHÁIDEACH

3. Toscaireacht chuig Gaeltacht Uíbh Ráthaigh

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

Deireadh an Chruinnithe seo

Chomhaontaigh an Comhchoiste an cruinniú a chur ar athló ag 15:22:42 go dtí an 17 Bealtaine 2023.



An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh
Cathaoirleach
18 Bealtaine 2023

Miontuairiscí an Chruinnithe ar an 17 Bealtaine 2023

SEISIÚN POIBLÍ

Tús an Chruinnithe

Tionóladh cruinniú an Chomhchoiste ag 13:35:26 i Seomra Coiste 4, nuair a thug an Comhchoiste dá aire go raibh córam i láthair (ceathrar Comhaltaí: Teachta Dála agus Seanadóir san áireamh).

Comhaltaí i láthair agus Leithscéalta a fuarthas roimh ré

Bhí na Comhaltaí seo a leanas i láthair: -

An Teachta Dála Caitríona Ní Chonghaile, an Teachta Dála Marc Ó Cathasaigh an Teachta Dála Fergus Ó Dubhda, an Teachta Dála Aindrias Ó Muimhneacháin, an Teachta Dála Ruairí Ó Murchú, an Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh agus an Teachta Dála Pádraig O Sullivan;

An Seanadóir Seán Kyne.

Bhí na Comhaltaí seo a leanas i láthair, nach Comhaltaí de chuid an Chomhchoiste iad: -

An Teachta Dála Éamon Ó Cuív agus an Teachta Dála Pa Ó Dálaigh.

Ghabh na Comhaltaí seo a leanas leithscéal roimh ré as gan a bheith i láthair: -

An Seanadóir Niall Ó Donnghaile.

1. Grinnscrúdú Réamhrechtach ar Cheannteidil an Bhille um Údarás na Gaeltachta (Leasú) 2022

Rinne an Comhchoiste a bhreithniú ar an ábhar 'Grinnscrúdú Réamhrechtach ar Cheannteidil an Bhille um Údarás na Gaeltachta (Leasú) 2022'.

Chuir an Comhchoiste fáilte roimh: -

Anna Ní Ghallachair Uasal – Iar-Chathaoirleach ar Bhord Údarás na Gaeltachta;

Micheál Ó hÉanaigh Uasal – Iar-Phríomhfheidhmeannach ar Bhord Údarás na Gaeltachta.

Thug an Comhchoiste dá aire go raibh na finnétithe ag freastal ar an gcruinniú ó Sheomra Coiste 4, laistigh de phurláin Thithe an Oireachtais.

Rinne na finnétithe seo a leanas ráiteas tosaigh os comhair an Chomhchoiste: -

Anna Ní Ghallachair Uasal;

Micheál Ó hÉanaigh Uasal.

Phléigh na finnétithe seo a leanas na saincheisteanna iomchuí le Comhaltaí an Chomhchoiste: -

Anna Ní Ghallachair Uasal;

Micheál Ó hÉanaigh Uasal.

Phléigh na Comhaltaí seo a leanas na saincheisteanna iomchuí leis na finnétithe: -

An Teachta Dála Cairtriona Ní Chonghaile;

An Teachta Dála Marc Ó Cathasaigh;

An Teachta Dála Éamon Ó Cuív;

An Teachta Dála Aindrias Ó Muimhneacháin;

An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh (An Cathaoirleach);

An Seanadóir Seán Kyne.

Chuir an Comhchoiste an cruinniú ar fionraí ag 15:37:43 go dtí 16:00:00.

SEISIÚN POIBLÍ

Atosú an Chruinnithe

D'atosaigh cruinniú de chuid an Chomhchoiste ag 16:02:53.

2. Grinnscrúdú Réamhrechtach ar Cheannteidil an Bhille um Údarás na Gaeltachta (Leasú) 2022

Rinne an Comhchoiste a bhreithniú ar an ábhar 'Grinnscrúdú Réamhrechtach ar Cheannteidil an Bhille um Údarás na Gaeltachta (Leasú) 2022'.

Chuir an Comhchoiste fáilte roimh: -

Pleanálaí Teanga Uíbh Ráthaigh – Victor Bayda Uasal, an Gníomhaí Pobail agus ball de Thascfhórsa Uíbh Ráthaigh – Fíona de Buis Uasal, an Comhairleoir Contae de Chomhairle Contae Chiarraí agus ball de Thascfhórsa Uíbh Ráthaigh – Norma Moriarty Uasal, an Gníomhaí Teanga agus Pobail – Edel Ní Bhraonáin Uasal, agus an Bainisteoir – Áine Uí Bheoláin Uasal, thar ceann Chomhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh;

An Bainisteoir– Eimear Ní Mhurchú Uasal, thar ceann Fhorbairt na Dromoda Teo;

An Bainisteoir Páidí Ó Sé Uasal, thar ceann Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne Teo.

Thug an Comhchoiste dá aire go raibh na finnétithe go léir, seachas Páidí Ó Sé Uasal, ag freastal ar an gcruinniú ó Sheomra Coiste 4, laistigh de phurláin Thithe an Oireachtais. Thug an Comhchoiste dá aire go raibh Páidí Ó Sé Uasal ag freastal ar an gcruinniú ar líne óna oifig i gContae Chiarraí.

Rinne na finnétithe seo a leanas ráiteas tosaigh os comhair an Chomhchoiste: -

Victor Bayda Uasal;

Fíona de Buis Uasal;

Edel Ní Bhraonáin Uasal;

Áine Uí Bheoláin Uasal;

Eimear Ní Mhurchú Uasal;

Páidí Ó Sé Uasal.

Phléigh na finnétithe seo a leanas na saincheisteanna iomchuí le Comhaltaí an Chomhchoiste: -

Victor Bayda Uasal;

Fíona de Buis Uasal;

Norma Moriarty Uasal;

Edel Ní Bhraonáin Uasal;

Áine Uí Bheoláin Uasal;

Eimear Ní Mhurchú Uasal;

Páidí Ó Sé Uasal.

Phléigh na Comhaltaí seo a leanas na saincheisteanna iomchuí leis na finnétithe: -

An Teachta Dála Éamon Ó Cuív;

An Teachta Dála Pa Ó Dálaigh;

An Teachta Dála Aindrias Ó Muimhneacháin;

An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh (An Cathaoirleach).

3. Aon Ghnó Eile

Níor chomhaontaigh an Comhchoiste aon ní faoin mír 'Aon Ghnó Eile'.

Dáta an Chéad Chruinnithe Eile agus Deireadh an Chruinnithe seo

Chomhaontaigh an Comhchoiste go mbeadh cruinniú próbháideach aige ag 14:00 ar an 18 Bealtaine 2023.

Chomhaontaigh an Comhchoiste go mbeadh a chéad chruinniú poiblí eile ag 13:30 ar an gCéadaoin, 24 Bealtaine 2023, nuair a phléifí an t-ábhar 'Grinnscrúdú Réamhrechtach ar Cheannteidil an Bhille um Údarás na Gaeltachta (Leasú) 2022', le hAire Stáit na Gaeltachta, an Teachta Dála Patrick O'Donovan.

Chomhaontaigh an Comhchoiste an cruinniú a chur ar athló ag 17:30:28 go dtí an 18 Bealtaine 2023.



An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh
Cathaoirleach
30 Bealtaine 2023

Miontuairiscí an Chruinnithe ar an 18 Bealtaine 2023

SEISIÚN PRÍOBHÁIDEACH

Tús an Chruinnithe

Tionóladh cruinniú an Chomhchoiste ag 14:07:40 agus thug an Comhchoiste dá aire go raibh córam ann (ceathrar Comhaltaí i láthair: Teachta Dála agus Seanadóir san áireamh).

Reáchtáladh agus lean an cruinniú ar aghaidh ar chian ar *MS Teams* lasmuigh de phurláin Thithe an Oireachtais.

Comhaltaí i láthair agus Leithscéalta a fuarthas roimh ré

Bhí na Comhaltaí seo a leanas i láthair: -

An Teachta Dála Marc Ó Cathasaigh, an Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh (Cathaoirleach) agus an Teachta Dála Pádraig O'Sullivan;

An Seanadóir Seán Kyne agus an Seanadóir Barry Ward.

Bhí na Comhaltaí seo a leanas i láthair, nach Comhaltaí de chuid an Chomhchoiste iad: -

Ní raibh aon Chomhaltaí i láthair, nach Comhaltaí de chuid an Chomhchoiste iad.

Ghabh na Comhaltaí seo a leanas leithscéal roimh ré as gan a bheith i láthair: -

An Teachta Dála Ruairí Ó Murchú.

1. Miontuairiscí na gCruinnithe ar an 19, an 20 Aibreán 2023, chomh maith leis na cruinnithe ar an 3 agus 10 Bealtaine 2023

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

2. Comhfhreagras Faighte ag an gComhchoiste

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

3. Dréacht-Tuarascáil ar thoscaireacht an Chomhchoiste chuig Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge 2023

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

4. Dréacht-Tuarascáil ar thoscaireacht an Chomhchoiste go Béal Feirste

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

5. Ainmniúcháin an Chomhchoiste chuig an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, an Teachta Dála Catherine Martin, i leith ceapacháin mar Chomhaltaí ar Bhord TG4

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

6. Toscaireacht ón gComhchoiste chuig Gaeltacht Uíbh Ráthaigh

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

7. Aon Ghnó Eile

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

Dáta an Chéad Chruinnithe Eile agus Deireadh an Chruinnithe seo

Chomhaontaigh an Comhchoiste go mbeadh a chéad chruinniú poiblí eile ag 13:30 ar an 24 Aibreán 2023, nuair a phléifí an t-ábhar 'Grinnscrúdú Réamhrechtach ar Ceannteidil an Bhille um Údarás na Gaeltachta (Leasú) 2022' le hAire Stáit na Gaeltachta, an Teachta Dála Patrick O'Donovan.

Chomhaontaigh an Comhchoiste an cruinniú a chur ar athló ag 14:28:09.



An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh
Cathaoirleach
30 Bealtaine 2023

Cruinniú Príobháideach an Chomhchoiste a bhí beartaithe ach nach ndeachaigh ar aghaidh ar an 30 Bealtaine 2023

SEISIÚN PRÍOBHÁIDEACH

Tús an Chruinnithe

Tháinig roinnt Comhaltaí an Chomhchoiste le chéile go fíorúil le haghaidh cruinniú príobháideach beartaithe a bhí le tosú ag 14:00.

Comhaltaí an Chomhchoiste a bhí i láthair ag 14:16 ar an lá: -

An Teachta Dála Aindrias Ó Muimhneacháin;

An Teachta Dála Fergus Ó Dubhda;

An Seanadóir Seán Kyne.

An Teachta Dála Éamon Ó Cuív, nach Comhalta den Chomhchoiste é.

Ag 14:16, d'uireasa láithreachta an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh, chomhaontaigh Comhaltaí an Chomhchoiste a bhí i láthair ag an am sin gan Cathaoirleach gníomhach a cheapadh agus gan tús a chur leis an gcruinniú. Níor tionóladh cruinniú ar bith de chuid an Chomhchoiste ar an lá seo.



An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh
Cathaoirleach
13 Meitheamh 2023

Miontuairiscí an Chruinnithe ar an 31 Bealtaine 2023

SEISIÚN POIBLÍ

Tús an Chruinnithe

Tionóladh cruinniú an Chomhchoiste ag 13:34:40 i Seomra Coiste 4, nuair a thug an Comhchoiste dá aire go raibh córam i láthair (ceathrar Comhaltaí: Teachta Dála agus Seanadóir san áireamh).

Comhaltaí i láthair agus Leithscéalta a fuarthas roimh ré

Bhí na Comhaltaí seo a leanas i láthair: -

An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh, an Teachta Dála Aindrias Ó Muimhneacháin, an Teachta Dála Cairtriona Ní Chonghaile, agus an Teachta Dála Ruairí Ó Murchú;

An Seanadóir Barry Ward, an Seanadóir Lorraine-Clifford Lee, an Seanadóir Niall Ó Donnghaile, agus an Seanadóir Seán Kyne.

Bhí na Comhaltaí seo a leanas i láthair, nach Comhaltaí de chuid an Chomhchoiste iad: -

An Teachta Dála Éamon Ó Cuív agus an Teachta Dála Pa Ó Dálaigh.

1. Grinnscrúdú Réamhrechtach ar Cheannteidil an Bhille um Údarás na Gaeltachta (Leasú) 2022

Rinne an Comhchoiste a bhreithniú ar an ábhar ‘Grinnscrúdú Réamhrechtach ar Cheannteidil an Bhille um Údarás na Gaeltachta (Leasú) 2022’.

Chuir an Comhchoiste fáilte roimh: -

An Teachta Dála Patrick O’Donovan, Aire Stáit na Gaeltachta, sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus a chuid oifigigh ón Roinn:-

An Dochtúir Aodhán MacCormaic, Stiúrthóir na Gaeilge;

Tríona Ní Mhathúna Uasal, Príomhoifigeach Gníomhach sa Rannóg Gaeltachta agus Pleanála Teanga;

Sharon Ó Ceallaigh Uasal, Príomhoifigeach Cúnta sa Rannóg Gaeltachta agus Pleanála Teanga.

Thug an Comhchoiste dá aire go raibh na finnétithe ar fad ag freastal ar an gcruinniú ó Sheomra Coiste 4, laistigh de phurláin Thithe an Oireachtais.

Rinne na finnétithe seo a leanas ráiteas tosaigh os comhair an Chomhchoiste: -

An Teachta Dála Patrick O'Donovan, Aire Stáit na Gaeltachta, sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Phléigh na finnétithe seo a leanas na saincheisteanna iomchuí leis an gComhchoiste:-

An Teachta Dála Patrick O'Donovan, Aire Stáit na Gaeltachta, sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Phléigh na Comhaltaí seo a leanas na saincheisteanna iomchuí leis na finnétithe: -

An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh (An Cathaoirleach);

An Teachta Dála Aindrias Ó Muimhneacháin;

An Teachta Dála Cairtriona Ní Chonghaile;

An Teachta Dála Éamon Ó Cuív;

An Teachta Dála Pa Ó Dálaigh;

An Teachta Dála Ruairí Ó Murchú;

An Seanadóir Niall Ó Donnghaile;

An Seanadóir Seán Kyne.

Chuir an Comhchoiste an cruinniú ar fionraí ag 15:15:36 go dtí 15:22:34. Ar fhilleadh dó, lean an Comhchoiste ar aghaidh leis an bplé ar an ábhar 'Grinnscrúdú Réamhrechtach ar Cheannteidil an Bhille um Údarás na Gaeltachta (Leasú) 2022' le hAire Stáit na Gaeltachta, an Teachta Dála Patrick O'Donovan.

2. Aon Ghnó Eile

Níor chomhaontaigh an Comhchoiste aon ní faoin mír 'Aon Ghnó Eile'.

Dáta an Chéad Chruinnithe Eile agus Deireadh an Chruinnithe seo

Chomhaontaigh an Comhchoiste go mbeadh cruinniú príobháideach aige ag 14:00 Dé Máirt, an 13 Meitheamh 2023 go fíorúil ar *MS Teams*.

Chomhaontaigh an Comhchoiste go mbeadh a chéad chruinniú poiblí eile ag 13:30, an 14 Meitheamh 2023, nuair a bheadh sé i mbun plé ar an ábhar 'An tÉileamh don Ghaeloideachas nach bhfuil á shásamh, agus an Ghaeilge mar ábhar i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna an Stáit', leis an Aire Oideachais, an Teachta Dála Norma Foley.

Chomhaontaigh an Comhchoiste an cruinniú a chur ar athló ag 15:58:46 go dtí an 13 Meitheamh 2023.



An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh
Cathaoirleach
13 Meitheamh 2023

Miontuairiscí an Chruinnithe ar an 13 Meitheamh 2023

SEISIÚN PRÍOBHÁIDEACH

Tús an Chruinnithe

Tionóladh cruinniú an Chomhchoiste ag 14:12:37 agus thug an Comhchoiste dá aire go raibh córam ann (ceathrar Comhaltaí i láthair: Teachta Dála agus Seanadóir san áireamh).

Reáchtáladh agus lean an cruinniú ar aghaidh ar chian ar *MS Teams* lasmuigh de phurláin Thithe an Oireachtais.

Comhaltaí i láthair agus Leithscéalta a fuarthas roimh ré

Bhí na Comhaltaí seo a leanas i láthair: -

An Teachta Dála Aindrias Ó Muimhneacháin, an Teachta Dála Ruairí Ó Murchú, an Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh (Cathaoirleach), agus an Teachta Dála Pádraig O'Sullivan;

An Seanadóir Seán Kyne.

Bhí na Comhaltaí seo a leanas i láthair, nach Comhaltaí de chuid an Chomhchoiste iad: -

Ní raibh aon Chomhaltaí i láthair, nach Comhaltaí de chuid an Chomhchoiste iad.

Ghabh na Comhaltaí seo a leanas leithscéal roimh ré as gan a bheith i láthair:-

An Teachta Dála Fergus Ó Dubhda.

1. Miontuairiscí na gCruinnithe ar an 17, 18, 30 agus 31 Bealtaine 2023.

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

2. Comhfhreagras Faighte ag an gComhchoiste

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

3. Tuarascáil ar an toscaireacht ón gComhchoiste chuig Béal Feirste

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

4. Dréacht-Tuarascáil ar an toscaireacht ón gComhchoiste chuig Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge 2023

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

5. Dréacht-Tuarascáil ar Ghrinnscrúdú Réamhrechtach Cheannteidil an Bhille um Údarás na Gaeltachta (Leasú) 2022

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

6. Toscaireacht an Chomhchoiste go Gaeltacht Uíbh Ráthaigh

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

7. Mír Chomhfhreagrais (F945) – Cóip de litir ó Phleanáil Teanga Oileáin Árann chuig an Aire Forbartha, Tuaithe agus Pobail – an Teachta Dála Heather Humphreys

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

8. Aon Ghnó Eile

Pléadh an mhír seo i Seisiún Príobháideach.

Dáta an Chéad Chruinnithe Eile agus Deireadh an Chruinnithe seo

Chomhaontaigh an Comhchoiste go mbeadh a chéad chruinniú poiblí eile ag 13:30 ar an gCéadaoin, an 14 Meitheamh 2023, nuair a phléifí an t-ábhar 'An tÉileamh don Ghaeloideachas nach bhfuil á shásamh, agus an Ghaeilge mar ábhar i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna an Stáit' leis an Aire Oideachais – an Teachta Dála Norma Foley.

Chomhaontaigh an Comhchoiste an cruinniú a chur ar athló ag 14:46:46.



An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh
Cathaoirleach
20 Meán Fómhair 2023

Miontuairiscí an Chruinnithe ar an 14 Meitheamh 2023

SEISIÚN POIBLÍ

Tús an Chruinnithe

Tionóladh cruinniú an Chomhchoiste ag 13:39:35 i Seomra Coiste 4, nuair a thug an Comhchoiste dá aire go raibh córam i láthair (ceathrar Comhaltaí: Teachta Dála agus Seanadóir san áireamh).

Comhaltaí i láthair agus Leithscéalta a fuarthas roimh ré

Bhí na Comhaltaí seo a leanas i láthair: -

An Teachta Dála Seosamh Mac Aodha; an Teachta Dála Cairtriona Ní Chonghaile, an Teachta Dála Aindrias Ó Muimhneacháin, an Teachta Dála Ruairí Ó Murchú, an Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh (Cathaoirleach), agus an Teachta Dála Pádraig Ó Súilleabháin;

An Seanadóir Seán Kyne.

Bhí na Comhaltaí seo a leanas i láthair, nach Comhaltaí de chuid an Chomhchoiste iad: -

